



2020/2008(INI)

7.9.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

ar mhór-roinn aosta ag dul in aois – deiseanna agus dúshláin a bhaineann leis
an mbeartas maidir leis an aosú tar éis 2020
(2020/2008(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Luke Ming Flanagan

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- A. de bhrí go meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcóimheas cleithiúnais seanaoise déimeagrafach (daoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine i gcomparáid le daoine idir 15 agus 64 bliana d'aois) in AE ina iomláine sna blianta amach romhainn; de bhrí gur mhéadaigh sé go dtí 29.6% in 2016, agus go meastar go dtiocfaidh méadú breise air, go háirithe suas go dtí 2050 agus go sroichfidh sé 51.2% in 2070;
- B. de bhrí go léiríonn staid reatha na ndaoine scothaosta sa mhargadh saothair agus níos ginearálta sa tsochaí an gá atá le hinfheistíocht ollmhór agus chinntitheach i réimsí amhail comhdheiseanna, foghlaim ar feadh an tsaoil agus sláinte ar feadh an tsaoil, agus ar bhonn níos ginearálta chun dul i ngleic leis na neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta atá ag dul i méid laistigh den Aontas;
 1. á mheas gur cheart deireadh a chur leis an gcur chuige polaitiúil reatha de réir a chéile, atá bunaithe ar fhís theoranta agus dhíobhálach ('aon phost ar ais nó ar éigean'), ionas go bhféachfar ar fhostaíocht agus obair ó dhearcadh níos fadtéarmaí ar shaol oibre an duine;
 2. á mheas go mbeidh gá le hiarrachtaí leanúnacha ó chomhpháirtithe sóisialta agus ó na hinstiúidí Eorpacha agus náisiúnta chun 'cultúr' fiordhearfach maidir le haosú gníomhach agus le hearcú neamh-idirdhealaitheach a chruthú;
 3. á chur i bhfios gur fadhb níos tromchúisí iad lucht saothair ag dul in aois agus an easpa athnuachana ó ghlúin go glúin in earnáil na talmhaíochta ná in aon earnáil eile; á chreidiúint go bhfuil sé rithábachtach aghaidh a thabhairt ar éiginnteacht sa mhargadh agus ar easpa brabúsachta i bhfiontair feirmeoireachta chun a mhalairt de threocht a bheith ann;
 4. á mheas gurb iad na hoibrithe teaghlaigh formhór mór an lucht saothair fós san Eoraip, ag tabhairt dá haire go bhfuil laghdú leanúnach ag teacht ar an gcineál sin saothair le blianta anuas agus go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh laghdú breise air sna blianta beaga amach anseo;
 5. á mheas go bhfuil sé tábhachtach a mheabhrú, maidir le cothabháil fostaíochta feirmeoireachta, go bhfuil impleachtaí díreach aici i dtaobh geilleagair thuaithe a choinneáil beo; á chreidiúint, ina theannta sin, nár cheart an dúshlán atá roimh gach feirmeoir chun ról na teicneolaíochta agus na nuálaíochta nua-aimseartha sa talmhaíocht a thuiscint agus chun leas a bhaint astu a mheas faoina luach; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá gairmoiliúint ar feadh an tsaoil, seirbhísí comhairleacha agus malartú faisnéise, laistigh de chreat CBT agus lasmuigh de.